Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10508/24**

**PROCIV 50**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 212 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>maidir le meastóireacht ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta - Ullmhacht éigeandála an Aontais a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 212 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 212 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.5.2024
COM(2024) 212 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir le meastóireacht ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta - Ullmhacht éigeandála an Aontais a neartú**

Clár na n- ábhar

1. Réamhrá – UCPM, lena dtreisítear ullmhacht an Aontais ..... 2

2. Beart a dhéanamh d'ainneoin na ndúshlán. Bagairtí atá ag teacht chun cinn atá ar na bacáin ..... 2

3. Torthaí na meastóireachta – UCPM ag feidhmiú i dtimpeallacht riosca atá ag athrú ..... 6

4. Ag féachaint chun cinn – Ag foghlaim ón am a chuaigh thart chun cumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a neartú ..... 8

5. Conclúid ..... 11

## 1. Réamhrá – UCPM, lena dtreisítear ullmhacht an Aontais

Tar éis tubaiste, is í cosaint shibhialta[1] an líne tharrthála do phobail atá buailte. Nuair a sháraíonn géarchéim acmhainneacht aon tíre amháin,[2] is é an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ('UCPM') an cnámh droma oibríochtúil, lena n-éascaítear freagairt chomhchoiteann na hEorpa, laistigh agus lasmuigh dá teorainneacha araon.

Cé gur tionscnaíodh níos mó ná 500 gníomhachtú UCPM sa tréimhse mheastóireachta 2017-2022, glaodh UCPM i ngníomh níos mó ná 320[3] uair sa tréimhse idir 2020 agus 2022 amháin, rud a léiríonn méadú cúig huaire i gcomparáid le meán na ndeich mbliana roimhe sin. Cuireann an t-ardú sin béim ar thábhacht mhéadaitheach UCPM maidir le hullmhacht i gcomhair éigeandála an Aontais a neartú ar gach leibhéal.

In 2021, d'aithin Gradam an Ombudsman Eorpaigh le haghaidh Dea-Riaracháin rannchuidiú eisceachtúil AS ECHO agus SEGS, ar éascaigh a n-iarrachtaí urghnácha aisdúichiú breis agus leathmhilliún saoránach den Aontas a sáinníodh ar fud an domhain le linn phaindéim COVID-19.

Is léiriú é sin ar an ról lárnach atá ag institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais laistigh de UCPM maidir le tacú le gníomhaíocht na mBallstát agus í a chomhlánú le linn géarchéime. Go bunúsach, tá cosaint ár sochaí, ár nádúir agus ár n-oidhreachta cultúrtha ag brath ar ár gcumas tubaistí amach anseo a chosc agus ullmhú dóibh. Ní fheidhmíonn an chosaint shibhialta ina haonar; éilíonn sé iarrachtaí comhoibríocha, deireadh a chur le smaointeoireacht neamh-chomhtháite, agus oibriú le chéile mar Aontas comhtháite chun ár n-athléimneacht agus ár n-ullmhacht chomhchoiteann a dhaingniú.


Leagtar amach sa Teachtaireacht seo na riachtanais agus na dúshláin atá ag athrú agus atá os comhair thírdhreach na cosanta sibhialta san Eoraip agus ceaptar ann moltaí chun feabhas a chur ar fud *contiguum* coisc, ullmhachta agus freagartha UCPM i ndáil le bainistiú tubaistí.

## 2. Beart a dhéanamh d'ainneoin na ndúshlán. Bagairtí atá ag teacht chun cinn atá ar na bacáin

Tá athrú as cuimse ag teacht ar thimpeallacht riosca na hEorpa. Sa lá atá inniu ann, tá ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iomadúla chomhuaineacha agus ar bhagairtí de chineál éagsúil agus de chastacht atá ag dul i méid. Leis an méadú atá tagtha ar líon na gcoinbhleachtaí, na dtubaistí de dhéanamh an duine agus na dtubaistí nádúrtha – lena n-áirítear teagmhais adhaimsire – agus le cineál athraitheach na rioscaí slándála, tá méadú ag teacht ar an dúshlán atá roimh struchtúr bainistithe riosca tubaistí an Aontais agus do chumas UCPM oibriú go héifeachtach. Léiríonn an méadú seasta atá tagtha ar an líon gníomhachtuithe UCPM le blianta beaga anuas go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh a thuilleadh.

[1] Is éard atá i gceist le cosaint shibhialta cúnamh éigeandála a chuirtear ar fáil faoi choimirce údaráis rialtais mar ullmhúchán do thubaiste san Eoraip agus ar fud an domhain nó díreach ina diaidh.
[2] Tá na 27 mBallstát agus na 10 dtríú tír (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv, an Iorua, an tSeirbia, an Tuirc, agus an Úcráin) mar chuid den Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.
[3] Cé nár áiríodh an gníomhachtú ón Úcráin in 2022 a bhain leis an gcogadh ach aon uair amháin, áirítear leis sin níos mó ná 120 iarraidh nuashonraithe ar chúnamh.

*Fíor 1 - an líon agus na cineálacha gníomhachtuithe UCPM*




*Sa ghraf (ar chlé) léirítear an méadú a tháinig ar an líon gníomhachtuithe UCPM ó 2017 go 2022. Léiríonn na bolgáin (ar dheis) na cineálacha géarchéimeanna ar thug UCPM aghaidh orthu sa tréimhse chéanna ama.*

Léiríonn na cúig phríomhghné a leagtar amach thíos an timpeallacht riosca sin atá ag athrú agus léiríonn siad an chaoi a mbaineann UCPM úsáid cheana féin as a chumas oiriúnú agus as a thacar iomlán ionstraimí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ar fud na ngnéithe sin. Mar sin féin, táthar ag súil go mbeidh tionchar níos suntasaí ag na rioscaí atá ag athrú ar an Eoraip amach anseo, rud is dócha a leathnóidh bearnaí sa chaoi a dtugann an Eoraip aghaidh ar rioscaí.

### *2.1. Aghaidh a thabhairt ar Chastacht: Freagairtí Comhordaithe ar Ghéarchéimeanna atá ag Teacht Chun Cinn*

Leagadh béim sa Mheastóireacht ar sholúbthacht shuntasach UCPM maidir le hoiriúnú do dhúshláin atá ag athrú[4]. Mar phríomhshamplaí den tsolúbthacht sin luadh na coigeartuithe tapa a rinneadh i reachtaíocht an Aontais chun freastal ar uirlisí AS ECHO. I ndáil leis an méid sin, tar éis phaindéim COVID-19, mheas tromlach suntasach na bpáirtithe leasmhara, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon,[5]gur éacht suntasach é an méadú suntasach ar acmhainneacht stoc-charntha leighis faoi rescEU.

Le linn na tréimhse meastóireachta, ba léir go raibh ról lárnach comhordúcháin ag ERCC idir údaráis cosanta sibhialta, agus údaráis sláinte, agus idir aireachtaí Gnóthaí Eachtracha sna Ballstáit agus sna Stáit Rannpháirteacha freisin in éineacht le SEGS agus Toscaireachtaí an Aontais. Ina theannta sin, in éineacht leis an Ard-Rúnaí, d’éascaigh sé comhordú idir Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin Eorpaigh, SEGS agus an Chomhairle. Bhí an comhar trasearnála sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí COVID-19, lena n-áirítear soláthairtí leighis agus tacaíocht lóistíochta a sholáthar le haghaidh cúnamh consalach chun saoránaigh den Aontas atá sáinnithe i dtríú tíortha a aisdúichiú. Sa chomhthéacs sin, ba phríomhthosca ratha iad cuir chuige nuálacha agus inoiriúnaitheacht maidir le cásanna nua.

[4] Tromlach na bhfreagróirí sa suirbhé le húdaráis na mBallstát (ICF, *independent support study of the UCPM 2017-2022* [staidéar tacaíochta neamhspleách ar UCPM 2017-2022]).
[5] Suirbhé le húdaráis na mBallstát agus le hInstitiúidí an Aontais (ICF, *independent support study of the UCPM 2017-2022* [staidéar tacaíochta neamhspleách ar UCPM 2017-2022]).

### *2.2. Dúshláin Dhinimiciúla: Córais Mapála Rioscaí agus Luathrabhaidh a oiriúnú*

Grúpa fócais tiomnaithe na n-eolaithe a rannchuidigh leis an Meastóireacht ar UCPM, shainaithin sé réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht na gCóras Luathrabhaidh chun ullmhacht a mhéadú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, d'fhéadfaí Córais Luathrabhaidh a athbhreithniú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A áirithiú **nach mbeidh an fhaisnéis chomh hilroinnte céanna** ar fud an Aontais agus Córais Luathrabhaidh intíre: leag roinnt páirtithe leasmhara béim ar an dúshlán a bhaineann le méid ollmhór faisnéise ó chórais éagsúla a bhainistiú, rud a fhágann go bhfuil sé deacair tabhairt faoi mheasúnuithe saineolacha go pras le linn mórimeachtaí. Ina theannta sin, d'fhéadfadh Córais Luathrabhaidh ar leibhéal an Aontais tionchar níos córasaí a imirt ar Chórais Luathrabhaidh náisiúnta;[6]

2. **Níos mó guaiseacha a chumhdach**: is iad falscaithe, tuilte agus triomaigh na guaiseacha is éifeachtaí a chumhdaítear le córais luathrabhaidh agus faireacháin, a bhuí le faireachán gar d'fhíor-am. Mar sin féin, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an bhfaireachán ar thuilte, ar éigeandálaí sláinte agus ar thubaistí eile de dheasca an duine nó antrapaigineacha agus d'fhéadfaí iad a dhéanamh níos éifeachtaí[7].

### *2.3. Freagairtí Práinneacha: Acmhainní a shlógadh le haghaidh Tubaistí Nádúrtha Tromchúiseacha agus Trasteorann*

Le linn shamhradh 2023, buaileadh an Eoraip le tonnta teasa, falscaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agus tuilte tubaisteacha. Is minic a tharla siad sin ag an am céanna, agus iad ina bpatrún níos leithne de chlíomeolaíocht fhoircneach. I mí Iúil agus i mí Lúnasa 2023, shroich na teochtaí domhanda an leibhéal is airde riamh, rud a sháraigh an tairseach 1.5°C a leagadh síos i gComhaontú Pháras. Is réamhamharc é sin ar na meándálaí samhraidh a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo mura ndéanfar gníomhaíocht ar son na haeráide.

Léiríodh i dtorthaí na Meastóireachta go raibh tionchar dearfach ag réamhshuíomh na gcomhraiceoirí dóiteáin in 2021 ar chomhroinnt eolais a éascú i measc comhraiceoirí dóiteáin i réigiúin a bhí buailte le dóiteáin foraoise. Glacadh go maith leis an gcur chuige sin freisin mar uirlis chun éifeachtacht na bhfreagairtí a fheabhsú. In 2021, rinneadh comhraiceoirí dóiteáin a shuíomh roimh ré sa Ghréig chun cabhrú le séasúr dóiteáin foraoise an tsamhraidh. Tar éis aiseolas dearfach a fháil ó na Ballstáit agus ón Stát Rannpháirteach, rinneadh an tionscnamh sin a athnuachan, agus gheall 11 Bhallstát beagnach 450 comhraiceoir dóiteáin a sheoladh chuig an bhFrainc, chuig an nGréig agus chuig an bPortaingéil chun ullmhú don chéad séasúr dóiteáin foraoise eile.

Thairis sin, leagadh béim sa Mheastóireacht ar gur chuir tromlach mór na bpáirtithe leasmhara luach ar sholúbthacht UCPM agus, níos tábhachtaí fós, ar a chumas dul in oiriúint

[6] Sa chomhthéacs sin, dúirt údarás náisiúnta amháin go bhfuil ailíniú níos fearr ag roinnt tíortha idir a gcórais náisiúnta agus Córais Luathrabhaidh an Aontais. Leag sé béim ar chás suntasach le linn thulcaí 2021 sa Ghearmáin, áit a raibh faisnéis luathrabhaidh ar fáil ar leibhéal Eorpach, ach nach raibh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ar an eolas faoin gcóras agus faoi mhéid na dtuilte a rabhthas ag súil leo.

[7] Sampla de UCPM atá ag feidhmiú sa réimse sin le déanaí is ea comhchistiú córais luathrabhaidh uile-ghuaise nua le haghaidh Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Stáit na Laitvia. I measc phríomhthorthaí an tionscadail bhí staidéar féidearthachta ina ndearnadh comparáid idir na réitigh éagsúla a d'fhéadfadh cuideachtaí teileachumarsáide a chur ar fáil, suirbhé i measc an phobail chun tuiscint a fháil ar leibhéal feasachta na bhfoláireamh tubaiste i measc dhaonra na Laitvia, agus dréacht d'ollstruchtúr an chórais atá beartaithe, lena n-áirítear an bonneagar agus an idir-inoibritheacht is gá.

go tapa do chásanna nua agus freagairt dóibh. Fógraíodh tabhairt isteach stoc-charn rescEU, mar aon leis an gcinneadh pras a rinneadh le déanaí aerloingeas rescEU a mhéadú, mar léiriú suntasach ar sholúbthacht agus ar chumais nuálaíochta UCPM leanúint de bheith ábhartha. Moladh inoiriúnaitheacht chlár oiliúna UCPM agus MODEX AE freisin agus féachadh air mar fhianaise ar sholúbthacht UCPM.

### *2.4. Rioscaí atá ag athrú agus bagairtí slándála a éilíonn cumais freagartha fheabhsaithe*

Spreag an fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine an gníomhachtú UCPM ba mhó go dtí seo, lena n-áirítear oibríochtaí casta lóistíochta. An 15 Feabhra 2022, chuir an Úcráin UCPM i ngníomh mar ullmhúchán d'éigeandáil mhórscála agus rinne sí a hiarratas tosaigh a nuashonrú ina dhiaidh sin. Áiríodh ar na hiarrataí - i measc nithe eile - soláthairtí leighis, bia, earraí dídine, trealamh comhraicthe dóiteáin, trealamh TF agus trealamh cumarsáide, gaireas cosanta don oidhreacht chultúrtha, frithbhearta CBRN, agus soláthairtí talmhaíochta.

Thacaigh ERCC leis an bPolainn, leis an Rómáin agus leis an tSlóvaic chun moil lóistíochta UCPM a bhunú[8] ina bhfuarthas agus inar comhdhlúthaíodh cúnamh a tháinig isteach agus ónar seoladh é chuig an Úcráin ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, mar fhreagairt ar an líon suntasach fiosrúchán ó chuideachtaí príobháideacha tar éis an fheachtais 'Seasaimis ar son na hÚcráine' ón gCoimisiún, bunaíodh tionscadal píolótach sa Bheilg chun tabhartais ón earnáil phríobháideach a sheoladh faoi rescEU.

Mar fhreagairt ar an éileamh méadaitheach ar chóir leighis, bhunaigh an Coimisiún Eorpach (AS ECHO agus AS SANTE) nós imeachta oibríochta caighdeánach le haghaidh aslonnú leighis (MEDEVAC) daoine easáitithe ón Úcráin. D'iarr an Pholainn, an Mholdóiv, an tSlóvaic agus an Úcráin tacaíocht d'oibríochtaí aslonnaithe leighis óna dtíortha faoi seach chuig tíortha Eorpacha eile a bhfuil acmhainneacht ospidéil ar fáil iontu.

Is[9] é is aidhm don tionscnamh tógála cásanna, fianaise chuimsitheach a chur ar fáil le haghaidh tuilleadh feabhsuithe faoi UCPM chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhfuiltear ag súil leo i dtimpeallacht riosca athraitheach na hEorpa, lena n-áirítear éifeachtaí cascáideacha bagairtí slándála, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dóchúlacht mhéadaithe go mbeidh tubaistí ardtionchair, trasearnála agus iltíre ann. Go bunúsach, treisíonn na cásanna an cás maidir le hacmhainní breise, oiriúnuithe ar fheidhmiú reatha UCPM ar fud thimthriall iomlán an bhainistithe éigeandála, agus modhnuithe gaolmhara ar chreat dlíthiúil UCPM.

### *2.5. Grúpaí Leochaileacha Chosaint: Aghaidh a thabhairt ar Thionchar Tubaistí ar Ghrúpaí Leochaileacha*

Déanann rioscaí aeráide difear díréireach do phobail leochaileacha mar gheall ar thosca socheacnamaíocha amhail ioncam, inscne, aois, míchumas, sláinte agus eisiamh sóisialta, agus cuireann míbhuntáistí atá ann cheana bac breise ar chumas grúpaí leochaileacha téarnamh ó thubaistí.[10] Tá doiciméadú déanta ar fhoréigean inscnebhunaithe agus gnéasach, ar fhuathchaint agus ar sheineafóibe ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

---

[8] Tacaíocht chistiúcháin d'earraí a sheoltar trí mhoil.

[9] Arna chur chun feidhme faoi Airteagal 10.1 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

[10] An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Rioscaí aeráide a bhainistiú — daoine agus rathúnas a chosaint, COM/2024/91 final, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52024DC0091>.

I bhfianaise an mhéid sin agus i gcomhthéacs an Mholta agus na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le 'Spriocanna Athléimneachta an Aontais de dheasca Tubaistí',[11]mhol an Coimisiún go ndéanfaí breithniú córasach ar riachtanais shonracha daoine i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus leanaí, laistigh de chórais náisiúnta luathrabhaidh.

## 3. Torthaí na meastóireachta – UCPM ag feidhmiú i dtimpeallacht riosca atá ag athrú

Leis an réaltacht nua bainistithe éigeandála a thuairiscítear thuas, cuireadh go leor deiseanna ar fáil do UCPM chun a éifeachtúlacht agus a éifeachtacht a léiriú mar ionstraim éigeandála lenar féidir athléimneacht na hEorpa i leith géarchéimeanna casta, fadtéarmacha agus comhthráthacha ó am go chéile a neartú a thuilleadh. Cuireann príomhthorthaí fheidhmíocht UCPM sa tréimhse 2017-2022 béim ar an measúnú sin.

***Príomhthorthaí fheidhmíocht UCPM ó Mheastóireacht 2017-2022***

1. Chuaigh UCPM in oiriúint do bhrúnna agus d'éilimh athraitheacha agus d'éirigh leis ráta ard freagartha a choinneáil ar bun in ainneoin gníomhachtuithe méadaitheacha;
2. Tá solúbthacht léirithe ag UCPM chun oiriúnú do riachtanais atá ag athrú ar fhorais agus ar theagmhais gan choinne. Ba phríomhthoisc ratha iad freagraí nuálacha ar ghnéithe nua géarchéimeanna.
3. Threisigh UCPM a ghnéithe coisc agus ullmhachta, rud a chuir feabhas ar chost-éifeachtúlacht;
4. Rannchuidigh UCPM le feabhas a chur ar ullmhacht maidir le tubaistí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;
5. Chuidigh UCPM le feabhas a chur ar an gcomhar idir gníomhaithe cosanta sibhialta agus gníomhaithe neamhthraidisiúnta bainistithe tubaistí;
6. Rannchuidigh UCPM le feasacht a mhúscailt maidir le tubaistí laistigh den phobal cosanta sibhialta;
7. Chuidigh mapáil rioscaí trí fhorléargas ar leibhéal an Aontais ar rioscaí maidir le cosc tubaistí a neartú cé go bhfuil dúshláin fós ann maidir le hinchomparáideacht agus infhaighteacht sonraí;
8. D'éascaigh UCPM comhar trasteorann idir an tAontas, na Ballstáit agus na Stáit Rannpháirteacha maidir le hullmhacht agus freagairt do thubaistí;
9. Tá srianta acmhainní agus ualach oibre suntasach ar AS ECHO agus ar údaráis náisiúnta cosanta

Ina theannta sin, léiríodh sa Mheastóireacht go ndearnadh teorainneacha UCPM a thástáil freisin i dtimpeallacht athraitheach an riosca agus na bagartha. Tá an measúnú sin comhroinnte ag an gComhairle Eorpach maidir le córas bainistithe géarchéime níos leithne na hEorpa. Aithnítear i roinnt Conclúidí ón gComhairle ó na blianta 2023[12] agus 2024[13] na dúshláin a bhaineann le géarchéimeanna trasearnála agus trasteorann agus le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéanamh an duine, ar dúshláin iad atá níos measa fós mar gheall ar an méadú réamh-mheasta ar ghuaiseacha aeráide.

[11] Moladh ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 maidir le spriocanna athléimneachta an Aontais de dheasca tubaistí, 2023/C 56/0, <Eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32023H0215%2801%29>;An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht maidir le Spriocanna Athléimneachta an Aontais Eorpaigh de dheasca Tubaistí: Ag gníomhú le chéile chun déileáil le héigeandálaí amach anseo, COM/2023/61 final, < Eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52023DC0061>.

[12] Cruinniú den Chomhairle Eorpach an 29 agus an 30 Meitheamh 2023 agus an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023.

[13] Cruinniú den Chomhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2024.

Ar an iomlán, leagtar béim ar athléimneacht na hEorpa a neartú i réimsí straitéiseacha trí chur chuige uile-ghuaise maidir le hullmhacht agus freagairt trí úsáid a bhaint as sásraí ábhartha, lena n-áirítear UCPM. Thairis sin, braitheann an cumas feidhmeanna sochaíocha a choinneáil ar bun ar na Ballstáit an cur chuige uile-ghuaise a leabú go córasach sna beartais ábhartha uile, agus ar an gcaoi sin athléimneacht trí dhearadh a áirithiú.[14] Baineann an chéad chosaint i mbainistiú riosca le beartais lenar féidir leochaileachtaí a laghdú agus nochtadh an duine a theorannú[15]. I bhfianaise an mhéid sin, tá iarrachtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide ríthábhachtach chun athléimneacht agus acmhainneacht freagartha géarchéime an Aontais a fheabhsú. Is príomhábhar imní anois é oibriú inbhuanaithe shamhail bainistithe éigeandála UCPM atá ann cheana a chosaint nuair a chuirtear an stiúradh polaitiúil réamhluaite san áireamh. Ag an am céanna, aithnítear gur gá UCPM a fheistiú a thuilleadh do ghuaiseacha agus do rioscaí nua laistigh de chur chuige uile-ghuaise níos cuimsithí in ollstruchtúr bainistithe géarchéime níos leithne na hEorpa.

Ar an gcaoi chéanna, thángthas ar an gconclúid sa chomhairle eolaíoch neamhspleách maidir le bainistiú straitéiseach géarchéime san Aontas a d’eisigh an Grúpa Príomhchomhairleoirí Eolaíochta don Aontas[16] gurb é atá i gceist le bainistiú éifeachtúil géarchéime rialachas an Aontais a neartú, athléimneacht bonneagair a fheabhsú, acmhainní airgeadais a bharrfheabhsú, comhar sochaíoch a chothú, agus sonraí inrochtana a áirithiú le haghaidh cumarsáid éifeachtach.

***Bainistiú straitéiseach géarchéime san Aontas Eorpach: Feabhas a chur ar ghéarchéimeanna a chosc san Aontas agus ar ullmhacht, freagairt agus athléimneacht an Aontais i leith géarchéimeanna***

Sa chomhairle eolaíoch neamhspleách maidir le bainistiú straitéiseach géarchéime san Aontas a d’eisigh an Grúpa Príomhchomhairleoirí Eolaíochta do Choláiste na gCoimisinéirí Eorpacha, fuarthas amach gur cheart don Aontas an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Treochlár a fhorbairt chun sineirgí a chruthú idir an reachtaíocht agus na hionstraimí atá ann cheana;
2. Freagairt do ghéarchéimeanna cascáideacha agus trasteorann trí rialachas Eorpach a neartú le haghaidh bainistiú straitéiseach géarchéime;
3. Bonneagair chriticiúla a dhéanamh níos athléimní in aghaidh éifeachtaí cascáideacha;
4. Ionstraimí agus acmhainní airgeadais an Aontais atá ann cheana a dhéanamh níos inscálaithe, níos in-imscartha go tapa agus níos éifeachtúla;
5. Comhoibriú go dlúth leis an tsochaí chun géarchéimeanna a bhainistiú go héifeachtach; agus
6. Sonraí idir-inoibritheacha ardcháilíochta a sholáthar, agus faisnéis a chur in iúl go héasca le haghaidh bainistiú géarchéime.

Chomh maith leis an ngá aitheanta athléimneacht na hEorpa a neartú i gcoinne suaití ar an leibhéal polaitiúil, braitheann naonúr as gach deichniúr Eorpach go bhfuil sé tábhachtach don Aontas Eorpach cuidiú leis an bhfreagairt ar thubaistí san Aontas Eorpach agus i dtíortha eile

[14] Ba cheart na rioscaí ábhartha uile a chur san áireamh i gcinntí struchtúracha, amhail cinntí maidir le pleanáil spásúlachta, agus ba cheart do na húdaráis náisiúnta atá freagrach as athléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus na n-eintiteas criticiúil na cinntí sin a fhormheas.
[15] COM(2024) 91 final
[16] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, *Strategic crisis management in the EU – Improving EU crisis prevention, preparedness, response and resilience* [Bainistiú straitéiseach géarchéime san Aontas Eorpach – Feabhas a chur ar ghéarchéimeanna a chosc san Aontas agus ar ullmhacht, freagairt agus athléimneacht an Aontais i leith géarchéimeanna], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/dffc8b4b-801d-11ed-9887-01aa75ed71a1>.

a chomhordú.[17] Ina theannta sin, creideann 94 % de shaoránaigh Eorpacha gur cheart do thíortha eile de chuid an Aontais cúnamh a chur ar fáil nuair a tharlaíonn tubaiste i dtír de chuid an Aontais, ar tír í nach bhfuil in ann dul i ngleic leis an tubaiste sin ina haonar de bharr gur tubaiste iomarcach í.

## 4. Ag féachaint chun cinn – Ag foghlaim ón am a chuaigh thart chun cumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a neartú

Tá méadú ollmhór ag teacht ar an damáiste ó theagmhais dhíobhálacha ach tá teorainn leis an acmhainneacht fhoriomlán chun turraingí den sórt sin a mhaolú agus teacht uathu. Dá bhrí sin, tá dúshlán roimh an Aontas maidir lena áirithiú go mbeidh an cur chuige Eorpach maidir le bainistiú géarchéime 'in ann an aimsir a sheasamh'. Éilíonn sé sin UCPM láidir ar féidir leis dul in oiriúint don tírdhreach riosca atá ag síorathrú. Mar fhreagairt air sin, d'fhorbair an Coimisiún cúig mholadh straitéiseacha.

***Moladh 1: Cumais freagartha oibríochtúla UCPM a neartú***

Braitheann rath UCPM go bunúsach ar chumais na mBallstát. Ní mór an bhonchloch sin a neartú a thuilleadh agus rannpháirtíocht níos doimhne á cur chun cinn ag an am céanna laistigh den Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta agus rescEU araon. Tá sé ríthábhachtach an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta agus rescEU araon a fheistiú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar rioscaí trasteorann mórscála na todhchaí.

Ba cheart cumais UCPM a neartú bunaithe ar bhearnaí arna sainaithint trí anailís choiteann ar chásanna agus trí mheasúnú cuimsitheach ar riachtanais ar an leibhéal Eorpach, agus an nasc idir an chosaint shibhialta agus an tslándáil agus na riachtanais a bheidh aige amach anseo maidir le hidir-inoibritheacht á gcur san áireamh mar threoir straitéiseach thábhachtach don todhchaí. In earnálacha ina sainaithnítear riachtanais choiteanna agus rioscaí coiteanna, is é leathnú breise rescEU an rogha mhalartach is costéifeachtaí chomh maith le léiriú bríomhar ar dhlúthpháirtíocht na hEorpa agus ar thiomantas an Aontais don athléimneacht chomhchoiteann agus don fhreagairt chomhchoiteann.

Ina theannta sin, ní mór do UCPM a bheith in ann oiriúnú go leanúnach do theicneolaíochtaí atá ag athrú agus ról ceannasach a bheith aige maidir le huirlisí agus ionstraimí éifeachtacha agus éifeachtúla a fhorbairt agus a chur chun cinn mar fhreagairt ar thubaistí.

***Moladh 2 – Stádas coisc agus ullmhachta an Aontais a fheabhsú trí chomhordú trasearnála, trí chur chuige uile-ghuaise, agus trí Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha láidir***

Tá rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile ríthábhachtach i ngach céim den chosc, den ullmhacht agus den fhreagairt ar thubaistí i gcur chuige uile-shochaí/uile-ghuaise. Tá sé cruthaithe ag ERCC go bhfuil sé in ann oibriú i ndlúthchomhar le seirbhísí éagsúla le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna casta (go háirithe i réimsí amhail CBRN, réimsí míleata sibhialta, cibearchúrsaí, réimsí hibrideacha, sláinte, tacaíocht lóistíochta do chúnamh consalachta, agus an t-athrú aeráide). Níl sé oiriúnach struchtúir freagartha earnála a bhriseadh suas a thuilleadh chun dul i ngleic le cásanna casta agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a

[17] An Coimisiún Eorpach, Cosaint Shibhialta – Eorabharaiméadar (Feabhra 2024), 2977 / SP541, <Cosaint shibhialta an Aontais - Feabhra 2024 - - Suirbhé Eorabharaiméadair (europa.eu)>.

sheachaint. Dá n-ardófaí ERCC mar mhol géarchéime trasearnála an Choimisiúin, thabharfaí le chéile saineolas earnála ó réimsí éagsúla beartais, rud a d'áiritheodh comhleanúnachas agus éifeachtacht oibríochtúil chuimsitheach laistigh de chóras freagartha géarchéime AE a bheadh comhtháite ar bhealach níos fearr.

Dá thoradh sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar próisis uile an Aontais agus na próisis náisiúnta uile[18] a ailíniú chun athléimneacht trí dhearadh a áirithiú. Ní mór colún coisc UCPM a chur in iúl ar bhealach níos fearr le beartais agus cláir eile de chuid an Aontais a bhfuil sé d'acmhainn acu tionchar a imirt ar athléimneacht shochaíoch.

Ina theannta sin, chun aghaidh a thabhairt ar thubaistí sibhialta ina bhfuil comhpháirteanna slándála nó cosanta, is gá comhordú córasach a dhéanamh i measc na n-údarás sibhialta, slándála agus cosanta le linn gach céime den timthriall bainistithe tubaistí. Ba cheart don ullmhacht shibhialta agus mhíleata a bheith comhlántach agus ba cheart don tsochaí ina hiomláine a bheith rannpháirteach inti. Ba cheart do ERCC dlús a chur lena chomhar le ECAT, le SEGS, agus leis na Náisiúin Aontaithe (An Oifig um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla), lena n-éascófar freagairt rianúil i gcásanna éigeandála nó coinbhleachta a bhaineann leis an aeráid. Is amhlaidh atá i gcás an mhalartaithe le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith agus le tíortha a bhfuil eolas speisialaithe agus acmhainneachtaí acu atá ríthábhachtach chun mórthubaistí a bhainistiú.

Ina theannta sin, ba cheart dlús a chur le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht na hearnála príobháidí ar leibhéal an Aontais i sainchúraimí cosanta sibhialta a bhaineann le cosc, ullmhacht agus freagairt. Is éard atá i gceist leis sin socruithe a bhunú le haghaidh comhar straitéiseach le heintitis phríobháideacha ábhartha laistigh de raon feidhme atá sainithe go soiléir.

***Moladh 3 – Comhroinnt eolais agus saineolais maidir le sainaithint riosca agus luathrabhadh a chuíchóiriú***

Ní mór do thubaistí uile-Aontais, trasteorann, ilnáisiúnta agus trasearnála áit níos feiceálaí a ghlacadh i measúnuithe riosca ábhartha Eorpacha agus náisiúnta. Is féidir é sin a bhaint amach tríd an anailís ar bhunchúiseanna rioscaí agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a leathnú, trí acmhainní atá ann cheana a ghiaráil ar fud earnálacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus trí úsáid a bhaint as an eolas agus as an saineolas atá ar fáil ó thríú páirtithe. D'fhéadfaí é sin a léiriú i bhforléargas níos cuimsithí de chuid an Aontais ar rioscaí, lena nascfaí gach earnáil.[19]

Ina theannta sin, ba cheart go dtiocfadh méadú ar chomhroinnt eolais na n-údarás náisiúnta cosanta sibhialta, go háirithe maidir le saineolas an-speisialaithe a bhaineann le tubaistí ardtionchair lena ngabhann dóchúlacht íseal. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach comhroinnt faisnéise agus idir-inoibritheacht na gcóras luathrabhaidh a threisiú ar fud na mBallstát trí chur chuige uile-ghuaise. Tá UCPM/ERCC suite go maith chun an iarracht sin a chomhordú.

Ina theannta sin, tá gá le malartú eolais níos córasaí ar gach leibhéal chun struchtúr bainistithe tubaistí Eorpach atá solúbtha agus cuimsitheach a bhaint amach. Ba cheart UCPM a neartú a

[18] Lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (ITT) agus as an gclár Fís Eorpach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

[19] Ba cheart ról Sheirbhís Bainistithe Éigeandála Copernicus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a threisiú. A luaithe a sheolfar í, beidh Seirbhís nua Satailíte Rabhaidh Éigeandála Galileo ina comhlánú tábhachtach ar na córais luathrabhaidh atá ann cheana.

thuilleadh chun institiúidí eolaíocha agus na Ballstáit a nascadh agus chun eolas eolaíoch a chur ar fáil do na geallsealbhóirí ábhartha uile.

Ba cheart ról an Choimisiúin in iarrachtaí cumarsáide maidir le rioscaí tubaiste agus géarchéimeanna a chomhtháthú go cuimsitheach ar fud na seirbhísí chun breisluach a chur ar fáil do na Ballstáit agus do shaoránaigh Eorpacha.

***Moladh 4 – Riachtanais grúpaí leochaileacha a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu sna socruithe coisc, ullmhachta agus freagartha atá ann cheana***

Léirigh teagmhais a tharla le déanaí amhail tuilte, dóiteáin foraoise, agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine go bhfulaingíonn grúpaí leochaileacha go díréireach le linn tubaistí móra. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an mbreithniú agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngrúpaí leochaileacha sin, go háirithe daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus pobail imeallaithe, laistigh de na socruithe coisc, ullmhachta agus freagartha atá ann cheana.

Is féidir é sin a bhaint amach trí bhearta éagsúla, lena n-áirítear córais luathrabhaidh oiriúnaithe agus sásraí foláirimh oiriúnaithe, lena n-áiritheofar go mbeidh teachtaireachtaí rabhaidh inrochtana, soiléir agus inghníomhaithe, agus go gcuirfear ar fáil iad i dteangacha éagsúla chun dul i bhfeidhm ar gach cuid den daonra, lena gcuirfear gníomhaíochtaí saincheaptha ullmhachta agus freagartha chun feidhme, lena gcomhtháthófar grúpaí leochaileacha go córasach i measúnuithe riosca, agus lena gcumhachtófar a n-ionadaíocht i bpleanáil bainistithe riosca tubaistí.

***Moladh 5 – Buiséad treisithe agus sineirgí agus comhtháthú méadaithe in ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais chun bainistiú fadtéarmach tubaistí Eorpach a áirithiú thar earnálacha agus thar theorainneacha***

Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh infheistíochtaí an Aontais faoi UCPM éifeachtach agus éifeachtúil araon, agus béim á leagan ar an inbhuanaitheacht chun tionchair dhearfacha fhadtéarmacha a imirt ar athléimneacht na hEorpa agus ar shaol shaoránaigh Eorpacha. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach an buiséad a threisiú i gcás ina gcruthófar go bhfuil infheistíochtaí ar an leibhéal Eorpach costéifeachtach agus go mbeidh breisluach ag baint leo.

Ina theannta sin, ní mór bainistiú riosca tubaiste Eorpach a chomhtháthú i ngach ionstraim chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an riosca tubaiste agus ar an tionchar atá aige ar fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil san Aontas, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar bainistiú riosca tubaiste a phríomhshruthú mar thosaíocht infheistíochta sna cláir chistiúcháin ábhartha uile de chuid an Aontais. Sábhálann gach Euro a chaitear sa limistéar seo méideanna suntasacha i gcostais freagartha, atá soiléir ach go háirithe i gcomhthéacs falscaithe (thart ar € 2 billiún in aghaidh na bliana).

Thairis sin, chun an creat atá aige cheana a chomhlánú, teastaíonn níos mó solúbthachta ó UCPM chun a shocruithe freagartha agus maoiniúcháin a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais eisceachtúla i gcásanna géarchéime casta nó fada, trí shásraí sonracha cistiúcháin éigeandála b'fhéidir. Bhainfeadh údaráis cosanta sibhialta, na Ballstáit, agus an Coimisiún tairbhe as rátaí cómhaoinithe simplithe agus as próisis soláthair dhírigh níos solúbtha. Ar deireadh, chuirfeadh na bearta sin feabhas ar sholúbthacht agus ar chumas UCPM freagairt shaincheaptha ar ghéarchéimeanna a chur ar fáil go tráthúil.

## 5. Conclúid

Chun aghaidh a thabhairt ar réaltacht nua na hEorpa, tá sé in am anois don Choimisiún cur chuige comhtháite bainistithe géarchéime a fhorbairt a thuilleadh lena bhféadfar seirbhísí ábhartha uile an Choimisiúin a thabhairt le chéile chun oibriú ar bhealach comhordaithe, trína dtacófar go héifeachtach le hiarrachtaí na mBallstát agus trína gcomhlánófar na hiarrachtaí sin, ar fud an *contiguum* coisc, ullmhachta agus freagartha. Dá thoradh sin, leis an gcur chuige feabhsaithe sin, ba cheart cosc a chothú, ullmhacht a neartú, agus freagairt thapa agus éifeachtúil ar thubaistí a éascú ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon.

Ar leibhéal an Choimisiúin, tá gá le cur chuige cothrománach chun comhleanúnachas a fheabhsú, dúbailt agus forluí a sheachaint agus sineirgí féideartha á saothrú ag an am céanna. Is é ERCC an comhlacht comhordaithe nádúrtha is inniúla chun gníomhaíochtaí a thuiscint, a anailísiú, a chomhordú agus a shlógadh ar fud na n-earnálacha agus na ngnéithe ábhartha uile den bhainistiú tubaistí. Dá ndéanfaí an iliomad ionstraimí a ilroinnt ar fud seirbhísí éagsúla, bheadh neamhéifeachtúlachtaí agus d’fhéadfadh dúbailt a bheith i gceist, rud a chuirfeadh bac ar bhainistiú géarchéime na hEorpa, bainistiú atá comhtháite, athléimneach agus éifeachtach agus a bhfuil saoránaigh na hEorpa ag súil leis.

Thairis sin, chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a bhaineann le bainistiú géarchéime sna deich mbliana amach romhainn, eadhon an t-athrú aeráide agus bagairtí slándála atá ag athrú, ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit cur lena n-ullmhacht straitéiseach, i ndlúthchomhar lena bpríomhpháirtithe leasmhara agus lena bpríomh-chomhpháirtithe. Dá neartófaí rescEU, an uirlis is éifeachtaí agus is éifeachtúla ar leibhéal an Aontais, neartófaí athléimneacht an Aontais i gcoinne bagairtí a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar chreatlach bhunúsach shochaí na hEorpa.